

Fiosrúchán maidir le Allianz plc

(IN-21-2-1)

Dáta an Chinnidh: 28 June 2022

Rinneadh an cinneadh seo ó fhiosrúchán dá thoil féin ar chuir an DPC tús leis de bhun alt 110 den Acht um Chosaint Sonraí 2018 chun breithniú a dhéanamh cé acu ar chomhlíon nó nár chomhlíon Allianz an GDPR i ndáil lena oibríochtaí próiseála.

Cuireadh tús leis an bhfiosrúchán i ndiaidh do Allianz fógra a thabhairt don DPC maidir le 49 sárú ar shonraí pearsanta idir an 25 Meitheamh 2020 agus an 31 Nollaig 2020. Ar an iomlán, cuireadh isteach ar thart ar 60 ábhar sonraí mar gheall ar na sárúithe ar shonraí pearsanta.

Sa chinneadh, breithníodh cé acu ar chomhlíon nó nár chomhlíon Allianz Airteagal 32(1) GDPR agus go háirithe cé acu ar chuir nó nár chuir Allianz bearta teicniúla agus eagraíochtúla cuí i bhfeidhm d'fhonn leibhéal riosca a chinntiú atá oiriúnach do na rioscaí a bhaineann lena chuid oibríochtaí próiseála.

Tugadh faoi deara sa chinneadh gur chomhlíon Allianz a chuid oibleagáidí faoi Airteagal 32(1) GDPR. Dearbhaíodh freisin gur chuir Allianz polasaithe i bhfeidhm a bhí saincheaptha go háirithe do na rioscaí a bhaineann leis an bpróiseáil. Chomh maith leis sin, chuir Allianz oiliúint leantach ar fáil do na hearnálacha agus gnónna ba shoghabhálaí i leith sárúithe ar shonraí pearsanta den chineál seo. Chomh maith leis sin, rinne Allianz bearta réamhghníomhacha le cur in aghaidh an próifíl riosca a bhí ag roinnt aonad gnó a bhí ag méadú trí bhearta slándála breise a chur i bhfeidhm i ndiaidh do roinnt sárúithe ar shonraí pearsanta tarlú. Áiríodh leis na bearta seo Uirlis Rabhaidh um Ríomhphoist Sheachtracha agus níos mó spotseiceálacha sa seomra poist.

Dá réir sin, níor cuireadh aon chumhachtaí ceartaitheacha i bhfeidhm sa chinneadh seo.